Rogha gach beathadh bheith bocht

[Mac Cionnaith, L. *Dioghluim Dána*, Dublin, 1938, poem 51]

Tadhg mac Dáire .cct. (?)

1 Rogha gach beathadh bheith bocht
neach ag a thogha acht gidh tearc
 - uirre gan bhréig ní léir locht -
san phort nach téid céim tar ceart.

2 Bheith gan toice ní díoth dhún
mar íoc im olcaibh mar chrádh
nó bheith bocht do réir mo ríogh
díol a locht ní léir dá lán.

3 A uan fionn do fhás ón óigh,
uad i ngioll red ghrás a-táim;
asad gan bhréig fa dú dóigh;
is tú an ghlóir nach téid i dtráigh.

4 Red thocht i dtionól an Luain
an chroch ’s an choróin red thaoibh
tiocfa sé [’n-a shochar] dhúinn
dúil don [rothal], a Dé, dhaoibh.

5 Ní fhuil ag neach grádh dá ghaol
 - uch! ní neamh a-tám do thúr;
ar dtréidhe mo-nuar is nár;
grádh dá chéile badh dual dún.

6 Go dtí so gan doilgheas daoibh
 - ós ort as oircheas a úidh -
suas don deaghbhragh, a shiur shéimh,
an t-iul réidh do dhearbhadh dhúin.

7 Gan luaghall éithigh ós aird,
gan uabhar, gan bhréithir bhuirb,
mar luagh i ndearnain an deilg
dual, a leinb, leanmhain do luirg.

8 A óigmheic arsaidh dar siair
mo chasbhraid go bhfóire féin
’s ná leig m’anam uaibh dá thaoibh
sgaoil uainn mo ralam go réidh.

9 A Choimdhe do-chí mo riocht,
dar gcoimhdhe do bhí go bocht,
go fóil ná cinn ar an gceart;

fóir led neart inn ó gach olc.

10 Ós í ceard chosmhail a clódh
sul thí th’fhearg chum dochair dhún
dá bhar dtol, a rí na ríogh,
go dtí dhíom a chor ar gcúl.

11 A bhfuaras don chruinne ché
uaibh-se dá gach uile ní
bean dot fhiortaibh dhíom, a Dhé,
más díol é i gciontaibh mo chlí.